Cliceáil anseo chun uimhir na cáipéise a chur isteach



Foráis sa Bhunscolaíocht: Comhairliúchán ar Struchtúr an Churaclaim agus ar Am

Achoimre fheidhmeach ar an tuarascáil deiridh

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

Eanáir 2018

Clár na nÁbhar

Réamhrá 3

Moltaí an chomhairliúcháin 5

Formáidí comhairliúcháin 6

Achoimre ar na príomhthéamaí ón gcomhairliúchán 7

An struchtúr a bheadh ar churaclam athfhorbartha bunscoile 7

Leithdháileadh ama i gcuraclam athfhorbartha bunscoile 9

Smaointe eile ón gcomhairliúchán 10

An chéad chéim eile den obair 12

Forléargas ar churaclam athfhorbartha 13

An próiseas i dtreo an fhorléargais ar churaclam athfhorbartha 16

Taighde 16

Obair le scoileanna agus le timpeallachtaí luathóige 16

Comhairliúchán 17

Plé le comhpháirtithe oideachais 17

Aguisín 1: Na samhlacha incriminteacha atá molta do churaclam nua bunscoile 19

Aguisín 2: An tsamhail atá molta maidir le leithdháileadh ama sna bunscoileanna 20

Réamhrá

Foilsíodh Curaclam na Bunscoile in 1999 agus tá sé ina bhonn agus ina thaca ag an teagasc agus ag an bhfoghlaim i scoileanna ar fud na tíre ó shin. D'éirigh go geal le roinnt gnéithe den churaclam agus bhain dúshláin le gnéithe eile, agus tá cur síos air sin in athbhreithnithe ar an gcuraclam, sa mheastóireacht air agus i measúnuithe náisiúnta agus idirnáisiúnta air. Tá athruithe suntasacha tagtha ar shochaí, ar gheilleagar agus ar chóras oideachais na hÉireann le roinnt blianta anuas. Bhí agus beidh 'athrú' le feiceáil sa saol i gcónaí, saol ár bpáistí san áireamh, sa scoil agus lasmuigh den scoil. Ag féachaint dúinn ar an oideachas luath-óige agus ar an mbunoideachas, is mór an t-athrú atá i gceist agus is tapa a tharla sé. Cuid den chúis leis sin is ea an méadú ar éilimh agus ionchais na dtuismitheoirí, na sochaí trí chéile agus an lucht déanta beartas faoin méid is féidir leis an oideachas a dhéanamh, agus is ceart dó a dhéanamh, chun tacú leis an bhfoghlaim agus leis an bhforbairt a dhéanann páistí agus daoine óga san 21ú haois.

Ar leibhéal an churaclaim, rinneadh éileamh le blianta beaga anuas ar am breise a thabhairt do réimsí atá ann cheana, amhail an tOideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS), agus ar réimsí nua curaclaim, amhail Códú, Nuatheangacha, Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh (ORC) agus Eitic. In 2011, d'eisigh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) cuireadh oscailte do dhaoine aonair agus d'eagraíochtaí leasmhara a dtuairimí a thabhairt ar thosaíochtaí do churaclam bunscoile. San anailís ar na freagraí, leagadh béim ar shé phríomhthosaíocht a bhí ag teacht, i gcoitinne, leis na tosaíochtaí atá luaite le *Aistear* agus le Creatchuraclam na Sraithe Sóisearaí (a bhí ina dhréacht an tráth sin), agus díríodh aird ar bhealaí ina bhféadfaí feabhas a chur ar an gcuraclam atá ann faoi láthair. I ndeireadh na bliana 2009, foilsíodh *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige* agus ó 2014 tugadh isteach de réir a chéile eispéireas nua sraithe sóisearaí san iar-bhunoideachas sóisearach. Léirítear leis an dá fhorbairt curaclaim sin athruithe lárnacha ar an mbeartas oideachais agus, ar deireadh thiar, eispéiris nua do pháistí óga agus do scoláirí, a fhágfaidh go mbeidh gá le hailíniú curaclaim agus leanúnachas níos fearr ar fud na gcéimeanna uile i gcóras oideachais na hÉireann ó bhlianta na luath-óige go dtí an tsraith shinsearach.

Dá bharr sin, agus ar chúiseanna eile a bhfuil cur síos iomlán orthu i dtuarascáil deiridh an chomhairliúcháin, d'fhoilsigh CNCM moltaí a bhaineann le 'struchtúr' agus 'leithdháileadh ama' i gcuraclam na bunscoile i mí na Nollag 2016. Úsáideadh iad mar bhonn i gcomhair comhairliúchán cuimsitheach ó Eanáir go dtí Meitheamh 2017. Deis bhunaidh thábhachtach a bhí sa chomhairliúchán sin, an chéad deis le beagnach fiche bliain anuas chun aghaidh a thabhairt ar an gcuraclam bunscoile atá ann faoi láthair agus ceisteanna a chur, agus plé agus machnamh a dhéanamh, ar a mhéid atá sé

fós 'oiriúnach dá fheidhm' agus muid ag teannadh le fichidí an 21ú haois. Bhí dhá shraith moltaí lenar cuireadh bonn eolais faoin gcomhairliúchán: (1) cén 'struchtúr' ba cheart a bheith ar an gcuraclam bunscoile agus (2) conas a d'fhéadfaí 'am' a úsáid ar fud an churaclaim sna blianta romhainn. Chomh maith leis sin, thug an comhairliúchán an deis iniúchadh a dhéanamh ar ghnéithe níos leithne den churaclam—an próiseas cur chun feidhme, ról an chórais maidir le cuidiú leis an athrú sa teagasc agus san fhoghlaim agus tacú leis, ról na scoile maidir le cuidiú leis an athrú agus tacú leis, agus an ról lárnach atá ag forbairt ghairmiúil leanúnach atá ar ardchaighdeán. Baineadh leas as réimse formáidí comhairliúcháin, mór-chomhdháil chomhairliúcháin i gCaisleán Bhaile Átha Cliath san áireamh. Cuirfidh torthaí an chomhairliúcháin sin bonn eolais faoin gcéad chéim eile den obair chun curaclam bunscoile na hÉireann a athfhorbairt, agus tacóidh siad leis an obair sin.

Leagtar amach sa cháipéis ghairid seo achoimre ar phríomhthorthaí an chomhairliúcháin, agus déantar cur síos gearr ar an gcéad chéim eile d'obair CNCM. Tugtar léargas níos mionsonraithe ar an réasúnaíocht maidir le hathbhreithniú agus athfhorbairt a dhéanamh ar an gcuraclam bunscoile, formáidí an chomhairliúcháin agus na príomhthéamaí a d'eascair as an anailís sonraí ar na freagraí sa tuarascáil deiridh, *Foráis sa Bhunscolaíocht: Comhairliúchán ar Struchtúr an Churaclaim agus ar Am* ag www.ncca.ie/ga/bunscoil/bunfhorbairtí.

Ag tosú ar leathanach 9, cuirtear réasúnaíocht mhionsonraithe ar fáil sa tuarascáil deiridh d'athbhreithniú agus athfhorbairt an churaclaim.

Moltaí an chomhairliúcháin

Cuireadh i láthair dhá rogha sa chéad sraith moltaí, inar baineadh leas as coincheap **samhla céimeanna incriminteacha**, i dtaobh conas a d'fhéadfaí **curaclam athfhorbartha bunscoile a leagan amach** (féach Aguisín 1). Folaítear sa dá rogha an dá bhliain atá cuimsithe ag *Clár um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige*. San áireamh sna moltaí bhí moladh i dtaobh bogadh ar shiúl ó ábhair sa luath-bhunoideachas agus téamaí a chur ina n-ionad, amhail na téamaí atá in *Aistear*, nó réimsí curaclaim leathana a chur ina n-ionad, as a n-eascródh ábhair ní b'fhaide ar aghaidh sa bhunscoil. Bhí na céimeanna a beartaíodh ag teacht, i dtéarmaí an-leathan, le hathruithe ar fhoghlaim agus ar fhorbairt na bpáistí. Ní roghanna uileghabhálacha a bhí i gceist agus bhí sé i gceist leo plé a spreagadh faoin struchtúr is oiriúnaí don churaclam bunscoile agus muid ag breathnú cúig bliana chun cinn, deich mbliana chun cinn agus níos faide. Rinneadh breithniú ar réimse ceisteanna i rith an chomhairliúcháin maidir leis an dá rogha.

Cuireadh i láthair sa dara sraith moltaí **cur chuige difreáilte maidir le smaoineamh ar chúrsaí ama agus am a úsáid sa lá scoile** (féach Aguisín 2). Bhí na moltaí sin bunaithe ar thaithí na scoileanna ar an gcreat ama seachtainiúil a moladh i gcuraclam 1999 agus léiríodh iontu freisin treochtaí agus forbairtí idirnáisiúnta. Tá sé i gceist le cur chuige nua i leith am a leithdháileadh freastal níos fearr a dhéanamh ar riachtanais foghlama páistí, mar aon le riachtanais na múinteoirí agus na scoileanna i dtaca le pleanáil, teagasc agus measúnú. Tá sé i gceist go bhféadfadh na múinteoirí a bheith níos solúbtha i dtaca leis an úsáid a bhaineann siad as an am teagaisc chun freastal ar riachtanais na bpáistí agus riachtanais phobal uile na scoile. Is féidir leas a bhaint as an tsamhail atá beartaithe i dtaobh leithdháileadh ama i gcomhar le ceachtar de na struchtúir leasaithe i gcomhair an churaclaim bunscoile. Baintear leas sa tsamhail as dhá chatagóir ama seachas na trí chatagóir a cuireadh i láthair i gCuraclam na Bunscoile[1]. Is iad an dá chatagóir a beartaíodh ná Íos-Am Curaclaim Stáit agus Am Solúbtha. Measadh réimse ceisteanna i rith an chomhairliúcháin chun iniúchadh a dhéanamh ar na moltaí sin.

[1] Tá trí phríomhghné sa chreat ama a ghabhann le *Curaclam na Bunscoile* (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 1999):

- am a leithdháiltear chun clár an phátrúin a theagasc
- íos-leithdháileadh ama molta i gcomhair gach ceann de na sé réimse eile curaclaim, mar aon le tréimhse roghnach churaclaim
- am a cheadaítear do shosanna agus do thionól.

Formáidí comhairliúcháin

Baineadh leas sa chomhairliúchán as raon formáidí chun tacú le rannpháirtíocht chuiditheach chríochnúil le hoideachasóirí, páistí, tuismitheoirí agus daoine den phobal faoi na moltaí maidir le struchtúr an churaclaim agus am:

- Cruinnithe déthaobhacha le páirtithe leasmhara
- Comhdháil chomhairliúcháin
- Cruinnithe comhairliúcháin le páistí
- Ceistneoir ar líne
- Grúpaí fócais do mhúinteoirí
- Aighneachtaí i scríbhinn.

Cuireadh tús leis an gcomhairliúchán i mí Eanáir 2017 agus chríochnaigh sé go luath i mí an Mheithimh. I rith an ama sin, reáchtáladh 33 cruinniú déthaobhach le réimse leathan grúpaí sainleasmhara. Tionóladh comhdháil chomhairliúcháin i gCaisleán Bhaile Átha Cliath ar an 28 Márta agus d'fhreastail 190 toscaire uirthi. Iarradh ar pháistí a dtuairimí ar ábhar an churaclaim agus ar chúrsaí teagaisc a chomhroinnt. Fuarthas 2,084 freagra ar an gceistneoir ar líne agus bhí seacht ngrúpa fócais do mhúinteoirí ar siúl idir an 15 Feabhra agus an 15 Márta, a raibh 48 múinteoir agus príomhoide páirteach iontu. Ina theannta sin, fuarthas 107 aighneacht i scríbhinn sa phost agus ar líne.

Ag tosú ar leathanach 14, tá cur síos mionsonraithe sa tuarascáil deiridh ar na formáidí comhairliúcháin. Tá liosta iomlán na n-aighneachtaí i scríbhinn a fuarthas lena bhfoilsiú ar leathanaigh 104-108.

Achoimre ar na príomhthéamaí ón gcomhairliúchán

Déantar cur síos mionsonraithe sa tuarascáil deiridh ar na príomhthorthaí ó gach formáid chomhairliúcháin ar leith—cruinnithe déthaobhacha, comhdháil chomhairliúcháin, cruinnithe comhairliúcháin le páistí, ceistneoirí ar líne, grúpaí fócais múinteoirí, agus aighneachtaí i scríbhinn. Ní luaitear san achoimre feidhmiúcháin seo ach na príomhthéamaí ar fud na bhformáidí.

An struchtúr a bheadh ar churaclam athfhorbartha bunscoile

Tháinig cúig phríomhthéama chun cinn mar fhreagra ar na moltaí i dtaca le struchtúr an churaclaim. Tugtar achoimre orthu thíos.

1. **Bhí meon dearfach agus tacaíocht ann i leith céim amháin curaclaim ina gcuimseofaí an dá bhliain réamhscoile agus an dá rang naíonán.** Ba léir an méid sin beag beann ar thosaíocht a bheith á tabhairt do struchtúr curaclaim dhá chéim nó trí chéim. Measadh gur bhain tábhacht le céim amháin ar fud na luathbhlianta chun tacú le leanúnachas eispéiris foghlama na bpáistí ó thimpeallacht amháin oideachais go dtí an chéad cheann eile. Thug na freagróirí ar aird an deis atá ann baint níos mó a bheith idir an réamhscolaíocht agus an bunoideachas. Mar sin féin, ardaíodh roinnt ábhair imní phraiticiúla. Áiríodh orthu sin tagairtí do dhifríochtaí idir réamhscoileanna agus bunscoileanna maidir le cóimheasa daltaí/múinteoirí agus leibhéil íosta na gcáilíochtaí a theastaíonn ó chleachtóirí agus múinteoirí.

2. Aontaíodh go forleathan gur mhaith an rud é **struchtúr curaclaim níos comhtháite a úsáid do ranganna naíonán.** Measadh gur chuí i dtaobh na forbartha do pháistí é samhail churaclaim ní ba shaibhre agus ní b'iomláine a bheith ann ag an gcéim seo foghlama agus forbartha; gur fearr a thacódh a leithéid le forbairt teanga ó bhéal i measc na bpáistí, go gcuideodh sí le spraoi faoi threoir páistí agus go gcothódh sí aistriú dearfach, éifeachtach ón réamhscoil go dtí an bhunscoil. Measadh freisin go mbeadh struchtúr curaclaim ní ba chomhtháite agus ina raibh béim ní ba mhó ar théamaí ina chúnamh i dtaobh pleanála do mhúinteoirí naíonán sóisearach agus sinsearach. Aithníodh an dúshlán atá ann faoi láthair maidir le cur chuige teagaisc ar

bhonn spraoi a úsáid i gcuraclam bunaithe ar ábhair sna ranganna naíonán, agus na dúshláin a bhaineann le hacmhainní agus rochtain ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach.

3. Bhí go leor freagróirí den tuairim gur chóir **go mbainfeadh tábhacht le hábhair go fóill i gcuraclam na bunscoile.** D'aontaigh tromlach mór gur féidir le cur chuige bunaithe ar ábhair i mblianta sinsearacha na bunscoile cabhrú le páistí aistriú isteach san iar-bhunscoil trí chuidiú leis an ailíniú ar na curaclaim. Ní rabhthas ar aon fhocal, áfach, maidir le cén uair ar cheart go mbeadh na hábhair le feiceáil sa churaclam. Bhí imní ar dhaoine áirithe go bhféadfadh sé a bheith ró-dhéanach dá dtabharfaí isteach i rang 5 iad, agus mheas roinnt daoine gur chóir iad a thabhairt isteach chomh luath le rang 1. Cuireadh in iúl go soiléir nár chóir caolú a dhéanamh ar an Oideachas Ealaíon, an Corpoideachas, an Oideachas Sóisialta, Imshaoil agus Eolaíochta, ná an Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS), ná easpa áite a bheith acu i gcuraclam athfhorbartha bunscoile.

4. **Ba mhó an tacaíocht don tsamhail trí chéim ná don tsamhail dhá chéim**; bhí an dearcadh ann ina leith gur chontaman nádúrtha, forásach oideachais í. Mheas a lán daoine gur chuí an tsamhail trí chéim i dtaobh na forbartha agus an teagaisc. Bhraith freagróirí freisin gur nádúrtha an rud é an dul chun cinn ó théamaí go réimsí curaclaim go hábhair. Rinne freagróirí tagairt do na buntáistí a bhaineann le cur chuige téamacha, comhtháite, dul chun cinn nádúrtha idir na céimeanna, agus leanúnachas i bhfoghlaim na páistí. Agus an tsamhail dhá chéim á bhreithniú, bhí roinnt imní ann maidir le fad ama gach céime agus measadh go bhféadfadh sé a bheith deacair ag páistí aistriú ó chur chuige ar bhonn curaclam téamach i gCéim 1 chuig curaclam bunaithe ar ábhair i gCéim 2.

5. Aithníodh na **dúshláin phraiticiúla** maidir le samhail incriminteach dhá nó trí chéim a chur i bhfeidhm **i mbunscoileanna beaga ina múintear roinnt ranganna in aon seomra ranga amháin.** Bhí bá ag cuid de na freagróirí leis an tsamhail dhá chéim maidir le teagasc agus foghlaim i scoil bheag agus bhí daoine eile i bhfabhar na samhla trí chéim. Bhraith daoine eile fós nach raibh ceachtar samhail praiticiúil ná inbhuanaithe mar gheall ar shaincheisteanna teagaisc agus eagrúcháin sa chás ina múintear ranganna éagsúla in aon seomra ranga amháin.

Leithdháileadh ama i gcuraclam athfhorbartha bunscoile

Tháinig ceithre phríomhthéama chun cinn mar fhreagra ar na moltaí i dtaca le ham. Tugtar achoimre orthu thíos.

1. Thacaigh daoine **le hathrú a dhéanamh ar an gcaoi a leithdháiltear am ar fud an churaclaim.** Cé gur leagadh béim air go mbeadh gá le treoir agus tacaíocht faoin gcaoi is fearr leis na hathruithe sin a chur i bhfeidhm ar leibhéal na scoile, aithníodh gur gá athchumrú a dhéanamh ar na leithdháiltí ama mar atá faoi láthair. Faoin tsamhail ama atá i bhfeidhm sna scoileanna cheana maidir le leithdháileadh ama, d'fhéadfadh easpa leanúnachais a bheith le sonrú in eispéireas na bpáistí leis an gcuraclam, toisc go bhfuil méid mór ábhar á ndéanamh i dtréimhse réasúnta gearr ama, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le heispéireas foghlama ildeighilte. Aithníodh, áfach, nach mbeadh tabhairt isteach samhla nua maidir le leithdháileadh ama, gan athbhreithniú ar an gcuraclam féin, ina réiteach ar an bhfadhb go curaclam na bunscoile ró-phlódaithe.

2. **Thacaigh daoine go láidir le solúbthacht níos mó a bheith ag na scoileanna maidir leis an gcaoi a leithdháiltear am sa churaclam.** Chuir freagróirí in iúl gur fearr a léireodh na cinntí seo, ach iad a dhéanamh ar an leibhéal áitiúil, comhthéacs gach scoile aonair. Cheap múinteoirí go raibh siad féin i riocht maith chun am a leithdháileadh sna ranganna agus sna scoileanna. D'fhéadfadh breis solúbthachta tacú le múineadh níos cruthaithí, pleanáil théamach agus foghlaim bunaithe ar thionscadail, arbh fhearr a léireodh riachtanais, leasanna agus cumas na bpáistí. Measadh gurb ionann breis solúbthachta a bheith ag na scoileanna maidir lena chinneadh conas a dhéantar am a leithdháileadh agus muinín as gairm na múinteoireachta a léiriú.

3. **Aontaíodh go ginearálta leis an moladh maidir le dhá chatagóir a bheith ann ó thaobh leithdháileadh ama.** Cuireadh fáilte roimh an gcóimheas ama 60:40 a moladh maidir le hÍos-Am Curaclaim Stáit agus Am Solúbtha. Laistigh den Íos-Am Curaclaim Stáit, measadh gur chuí na leithdháiltí ama seachtainiúla i gcomhair Teanga agus na Matamaitice agus measadh go gcuideodh na leithdháiltí míosúla don chuid eile den churaclam le húsáid a bhaint as modhanna teagaisc is fearr a oireann d'aois sa seomra ranga. Ceistíodh an téarma 'Am Solúbtha' ar fud na bhformáidí comhairliúcháin. Bhraith roinnt freagróirí go bhféadfadh sé nach mbeadh sé chomh solúbtha is a thabharfadh an figiúr 40% le fios, agus mar sin b'fhéidir go mbeadh téarma eile ag teastáil. Ceistíodh cuimsiú amanna sosanna agus am spraoi san Am

Solúbtha, agus, níos mó fós, ceistíodh clár an phátrúin a bheith cuimsithe ann. Meastar go n-aithnítear leis an Am Solúbtha uathriail ghairmiúil scoileanna agus múinteoirí agus go bhféadfadh sé cabhrú leis an mbrú ama atá ar na scoileanna cheana a laghdú.

4. Ós rud é go gcuirtear am in áirithe go gach ábhar faoi churaclam 1999, **bhí imní ar dhaoine go bhféadfadh roinnt ábhar a bheith thíos leis an athbhreithniú ar leithdháileadh ama i gcuraclam athfhorbartha bunscoile.** Cuireadh ceist cén chaoi is fearr chun am solúbtha a phleanáil go comhsheasmhach agus cothromaíocht a choinneáil lena gcomhlíonfar riachtanais na bpáistí, gan neamhaird a dhéanamh d'ábhair ná aird as cuimse a dhíriú orthu. Mheas freagróirí go bhfuil gá le cineál éigin treorach chun tacú le leithdháileadh ama faoi churaclam nua.

Smaointe eile ón gcomhairliúchán

Thug an comhairliúchán deis do dhaoine tuairimí a chur in iúl, mar aon le freagraí ar shaincheisteanna níos leithne oideachais. Luaitear thíos cuid de na smaointe agus an léargas eile a fuarthas ón anailís sonraí.

1. **Cé go raibh fáilte roimh na moltaí le haghaidh comhairliúcháin tríd is tríd, mheas roinnt daoine go raibh siad ag imeacht ón gcuraclam bunscoile soiléir, struchtúrtha atá ann cheana féin.** Iarradh athbhreithniú níos doimhne ar na cúiseanna a bhfuil an curaclam atá ann faoi láthair á athbhreithniú. Bheadh tairbhe le baint freisin as léargas soiléir ar na haidhmeanna, na prionsabail agus na teoiricí tábhachtacha foghlama is bonn le curaclam athfhorbartha.

2. Thug freagróirí ar aird go mbeadh leasú ar bith ar struchtúr an churaclaim agus ar na leithdháiltí ama ina gcúis **le hathrú cultúrtha do phobal na scoile, rud a d'éileodh athrú ar mheon na múinteoirí agus ar an gcur chuige a ghlacann siad i leith an teagaisc.** Beidh am de dhíth ar gach duine a bhfuil baint acu leis an gcóras bunscoile (páistí, tuismitheoirí, múinteoirí, lucht bainistíochta, seirbhísí tacaíochta) chun dul i dtaithí ar na hathruithe sin. Dúirt freagróirí nár mhór an t-athrú a thabhairt isteach ar bhealach spriocdhírithe, forásach, agus nár mhór d'fhorbróir an churaclaim (CNCM) dlúthbhaint a bheith aige i gcónaí le tabhairt isteach agus cur i bhfeidhm an churaclaim nua sna scoileanna.

3. **Measadh gur den riachtanas é forbairt ghairmiúil leanúnach a ullmhú agus a sholáthar chun tacú leis an athrú sin.** Léiríodh san anailís go raibh gá le cineálacha éagsúla cur chuige agus tacaíochtaí a chur san áireamh le haghaidh forbairt ghairmiúil leanúnach ó sholáthraithe

éagsúla. Éilíodh go mbeadh fáil ag gach múinteoir ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach dá leithéid ar feadh a ngairme. Ba iad seo a leanas na réimsí foghlama ba mhinice a luadh i gcás múinteoirí agus príomhoidí:

- tuiscint agus léirthuiscint a fháil ar aidhmeanna agus prionsabail an churaclaim nua
- foghlaim conas cineálacha cur chuige nua agus nuálacha teagaisc (lena n-áirítear foghlaim ar bhonn spraoi agus foghlaim faoi threoir páistí) a chuimsiú sa teagasc
- curaclam comhtháite a phleanáil, a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm trí mheán téamaí / réimsí curaclaim / ábhar
- leithdháiltí seachtainiúla agus míosúla ama agus an t-am solúbtha a leabú sna próisis phleanála.

4. Thug na freagróirí ar aird **an mhór-acmhainn atá sna moltaí chun athstruchtúrú iomlán a dhéanamh ar eispéireas bunscoile páiste lena bhféadfaí ceangal a dhéanamh idir scileanna lárnacha sa tsraith shóisearach agus *Aistear.*** Luaigh cuid acu freisin an deis atá ann smaoineamh ar ghnéithe cosúil le foirgneamh na scoile, leagan amach na seomraí ranga, agus fad an lae scoile do pháistí. Níl sa churaclam ach aon phíosa amháin de na míreanna mearaí! Tá an méid sin ceangailte leis an éileamh ar athrú córais chomh maith le hathrú curaclaim. Mar sin féin, bhí maoiniú an athraithe agus acmhainní a sholáthar dó ina ábhar imní ag a lán daoine. Bhraith freagróirí go mbeadh tionchar ag costas na n-acmhainní, na mball foirne, an bhonneagair agus na n-athruithe ar fhoirgnimh scoile ar an toradh a bheadh ar shamhail nua churaclaim. Cheistigh siad an mbeadh fáil ar dóthain acmhainní chun na moltaí curaclaim a chur i bhfeidhm ina n-iomláine.

5. **Measadh go ndeachaigh sé chun tairbhe an chomhairliúcháin go raibh páistí páirteach ann**, agus luaigh grúpaí agus daoine aonair an tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht ghníomhach na páistí maidir le curaclam bunscoile na todhchaí agus maidir lena fhorbairt. Bhí na freagróirí den tuairim go bhféadfaí faisnéis úsáideach eile a fháil ach cluas éisteachta a thabhairt do pháistí agus ceist a chur orthu faoina saol scoile.

6. **Leagadh béim ar ról lárnach na dtuismitheoirí i mbunoideachas páistí.** Chomh maith leis sin, d'aithin na freagróirí an dúshlán atá roimh scoileanna i dtaobh cuidiú le tuismitheoirí tuiscint a chothú ar an tairbhe a bhaineann leis na cineálacha cur chuige éagsúla nua teagaisc agus foghlama a úsáidtear sna scoileanna.

An chéad chéim eile den obair

Mar a luadh, thug an comhairliúchán an chéad deis le beagnach fiche bliain dóibh siúd atá ag obair i réimse an bhunoideachais chun machnamh a dhéanamh ar struchtúr an churaclaim agus ar an gcaoi ar chóir am a leithdháileadh taobh istigh de. Cé gur díríodh den chuid is mó sna moltaí comhairliúcháin ar ghnéithe struchtúracha agus eagrúcháin an churaclaim, spreag siad plé ar réimse níos leithne téamaí. In ainneoin nach bhfuil baint dhíreach ag na téamaí sin le hobair na Comhairle maidir leis an gcuraclam bunscoile a athfhorbairt, baineann an-tábhacht go deo leo maidir le machnamh ar an gcuraclam sin, pleanáil lena aghaidh agus tacú lena chur chun feidhme. Sa chuid deiridh seo, tugtar achoimre ar an chéad chéim eile d'obair CNCM maidir le hathbhreithniú agus athfhorbairt a dhéanamh ar churaclam na bunscoile.

Caitheann páistí ocht mbliana ag an mbunscoil in Éirinn—níos mó blianta ná mar a chaitear in aon chéim oideachais ná in aon earnáil oideachais eile, agus tá sé ina aidhm leis an gcuraclam bunscoile tacú leo le linn a n-óige aisti féin agus sna blianta atá rompu, ina mbeidh deiseanna agus dúshláin rompu nach fios dúinn go fóill céard iad agus nach mbeidh inchurtha, is dócha, san iomaí bealach le saol an lae inniu. Chun léargas níos fearr a thabhairt ar an ráiteas sin, i gcás páistí a tháinig nó a thiocfaidh ar an saol in 2018 agus a thosóidh ar an mbunscoil i mí Mheán Fómhair 2022/2023, cuirfear tús lena saol oibre i ndaichidí an chéid seo agus rachaidh siad ar scor amach sna 2080í. Is tábhachtach agus is ríthábhachtach í an cheist faoin gcineál curaclaim bunscoile a bheartóimid a fhorbairt do pháistí anois agus i gcomhair na mblianta atá amach romhainn; is maith an léargas a thugann an cheist sin faoin dearcadh atá againn i leith múinteoirí bunscoile agus páistí in Éirinn inniu agus faoinár dtuiscintí agus ár mbonn tuisceana faoin saol atá i ndán do na páistí. Cabhróidh na príomhthorthaí ón gcomhairliúchán a rinneadh le déanaí maidir le struchtúr an churaclaim agus am mar aon le hobair atá déanta roimhe seo ag CNCM, ar nós na tosaíochtaí a aithint do churaclam bunscoile (2012), agus corpas fairsing taighde, chun cruth a chur ar an gcéad chéim eile den obair ar an gcuraclam bunscoile. Beidh an chéim sin dírithe den chuid is mó ar fhorléargas a fháil ar churaclam athfhorbartha, a ndéanfar tuilleadh comhairliúchán poiblí ina leith in 2019.

Forléargas ar churaclam athfhorbartha

Ag tarraingt ar an taithí a bhaineann le forbairt *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige* (2009) agus, le déanaí, *Creat don tSraith Shóisearach* (2015), tabharfaidh aghaidh sa dréacht-fhorléargas ar roinnt ceisteanna lárnacha faoi churaclam, ar tháinig cuid acu chun cinn le linn an chomhairliúcháin ar struchtúr agus am. Ina measc siúd tá na gnéithe seo a leanas.

- **Cuspóir**—cé gur léirigh na pléití a rinneadh mar chuid den chomhairliúchán go mbaineann ábharthacht go fóill le trí aidhm leathana churaclam na bunscoile[2], éilíodh soiléiriú a dhéanamh ar an méid is ceart do churaclam athfhorbartha a dhéanamh ar mhaithe le haistear oideachais an pháiste, ag cur san áireamh forbairtí beartais i mblianta na luath-óige agus sa tsraith shóisearach.

- **Luachanna agus prionsabail**—léiríodh an éagsúlacht atá ag dul i dtreise i measc phobal na ndaltaí sna bunscoileanna ina lán de na seisiúin phlé le linn an chomhairliúcháin. Fágann an saibhreas éagsúlachta sin nach mór cur síos soiléir a dhéanamh ar luachanna i gcuraclam athfhorbartha, agus ar na prionsabail lena dtacaítear leis, chun féachaint chuige gur do *gach* páiste an curaclam agus go bhfreastalaíonn sé ar shaibhreas iomlán na héagsúlachta agus ar réimse iomlán na riachtanas breise.

- **Tosaíochtaí uileghabhálacha**—ó foilsíodh an curaclam bunscoile in 1999, tá dul chun cinn tábhachtach déanta maidir leis an gcuraclam i mblianta na luath-óige, sa tsraith shóisearach agus sa tsraith shinsearach. Cé gur sna hearnálacha sonracha a tharla an dul chun cinn sin, bhí roinnt scileanna/inniúlachtaí leathana, uileghabhálacha i gcoiteann acu go léir—forbairt a dhéanamh ar fholláine na bpáistí, ar a gcumarsáid agus a smaointeoireacht chriticiúil agus chruthaitheach, ar a gcumas a bheith ag obair i gcomhar le daoine eile, agus ar a gcuid scileanna litearthachta agus uimhearthachta—chomh maith le tosaíochtaí a bhaineann le forbairt méine, forbairt eolais agus forbairt tuisceana, luachanna agus meonta. Le hathfhorbairt an churaclaim bunscoile, tá an deis againn a aithint cad é is aidhm don churaclam, ina iomláine, a bhaint amach do pháistí.

[2]Is iad na trí aidhm ghinearálta atá le *Curaclam na Bunscoile* (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 1999):

- a chur ar chumas an linbh saol iomlán mar is dual do pháiste a chaitheamh, agus a (h)acmhainn mar dhuine uathúil a thabhairt chun críche
- a chur ar chumas an pháiste teacht chun cinn mar neach sóisialta trí chónaí agus chomhoibriú le daoine eile agus sa tslí sin a c(h)ion féin a dhéanamh ar mhaithe leis an tsochaí
- an páiste a ullmhú d'oideachas breise agus d'fhoghlaim ar feadh an tsaoil. (lch 7 - https://www.curriculumonline.ie/getmedia/9423dfb9-84e4-4e88-b4bd-c5973e6c586e/Introduction-to-primary-curriculum_Gaeilge.pdf)

- **Cineálacha cur chuige teagaisc**—díríodh aird sna moltaí comhairliúcháin ar an mborradh atá tagtha le blianta beaga anuas ar an taighde maidir le foghlaim agus forbairt páistí agus maidir leis an tábhacht a bhaineann leis sin chun tuiscint níos iomláine a fháil ar *conas* is féidir tacú le gach páiste agus é nó i mbun foghlama. Le curaclam bunscoile athfhorbartha, tá an deis ann aithint agus cur síos a dhéanamh ar chineálacha cur chuige éifeachtacha teagaisc a oibríonn ar fud an churaclaim, a bhféadfadh sé go mbaineann tábhacht ar leith leo ag amanna áirithe i rith thréimhse an pháiste sa bhunscoil.

- **Struchtúr curaclaim**—léiríodh i dtorthaí an chomhairliúcháin go bhfuil tacaíocht fhorleathan ann do churaclam comhtháite do pháistí sna luathbhlianta bunscoile, agus gur tábhachtach an rud é na hábhair a choinneáil, sna ranganna sinsearacha ar a laghad. Tríd is tríd, léirigh na freagróirí tacaíocht roinnt níos mó do shamhail trí chéim ná do shamhail dhá chéim, agus cheistigh daoine eile ar cheart imeacht ón tsamhail ceithre chéim atá againn faoi láthair. Agus tuilleadh iniúchta á dhéanamh ar choincheap samhla céimnithe incrimintí, ní mór obair bhreise a dhéanamh anois chun cíoradh agus sainiú níos soiléire a dhéanamh ar na difríochtaí idir téama curaclaim agus réimse curaclaim, agus ar an ngaol idir iadsan agus ábhair. Tá ceist ann freisin maidir le hailíniú le *Aistear* agus uaidh—cad is brí leis sin nó cad is ceart gur brí leis i gcomhthéacs curaclam bunscoile? Ag an am céanna, tá gá le hobair freisin chun iniúchadh a dhéanamh ar choincheap an chomhtháthaithe curaclaim agus conas is féidir é sin a chur chun tosaigh i gcuraclam athfhorbartha.

- **Ábhar an churaclaim**—leis an athfhorbairt ar churaclam ar bith, bíonn deis le tapú i dtaobh scrúdú agus soiléiriú a dhéanamh ar an méid is cóir do pháistí a bheith in ann a dhéanamh trína gcuid eispéireas leis an gcuraclam sin agus dá mbarr, agus chun féachaint ar an tslí inar chóir ábhar an churaclaim a shonrú. San fhorléargas ar churaclam bunscoile athfhorbartha, aithneofar na téamaí, na réimsí nó na hábhair atá ann, agus aird á tabhairt ar na héilimh ar leathnú a dhéanamh ar fhoghlaim na páistí i réimsí ar nós na folláine, oideachas faoi reiligiúin agus creidimh agus eitic, an chódaithe agus nuatheangacha.

- **Leithdháileadh ama**—ar bhonn thorthaí an chomhairliúcháin, cuimseofar san fhorléargas creat molta nua i gcomhair leithdháileadh ama. Léiríodh i dtorthaí an chomhairliúcháin go bhfuil tacaíocht láidir ann do roinnt athruithe ar an gcaoi a bhféadfaí am a leithdháileadh laistigh den churaclam agus, ag an am céanna, díríodh aird ar roinnt cúiseanna imní a bhaineann le 'am solúbtha' mar choincheap, mar atá leagtha amach sna moltaí. Díríodh aird agus breithniú ar leith ar na gnéithe a bhaineann le hAm Solúbtha agus, go háirithe, amanna sosa, am spraoi agus clár an phátrúin. Sa chéad chéim eile, ní mór tuilleadh breithnithe a

dhéanamh ar conas is féidir níos mó solúbthachta a thabhairt do scoileanna maidir leis an gcaoi a n-úsáideann siad am chun teagasc agus foghlaim a dhéanamh ó thaobh théamaí/réimsí/ábhair an churaclaim, agus, rud is tábhachtach, conas is féidir an tsolúbthacht sin a léiriú agus a chuimsiú ar shlí níos fearr i gcreat molta nua maidir le leithdháileadh ama.

- **Pleanáil, teagasc agus measúnú**—i gcás gach ceann de na 11 ábhar i gcuraclam na bliana 1999, bhí treoir éigin do na scoileanna ag gabháil leo maidir le conas measúnú a dhéanamh ar fhoghlaim na bpáistí san ábhar sin. Ag tógáil ar an méid sin agus ag léiriú taighde níos déanaí sa réimse sin, d'fhoilsigh CNCM *Measúnacht i gCuraclam na Bunscoile: Treoirlínte do Scoileanna* in 2007 agus ábhar tuairiscithe agus aistrithe ar líne do scoileanna agus do thuismitheoirí in 2014. D'ainneoin na tacaíochta breise sin, is beag an aird a díríodh ar mheasúnú, agus measúnú foirmitheach go háirithe, ó thaobh tacú le scoileanna chun a gcleachtais mheasúnaithe a leathnú. Léirítear sa taighde gur mó na buntáistí a ghabhann le foghlaim na bpáistí nuair a chuireann múinteoirí aiseolas éifeachtach ar fáil dóibh a chuidíonn leo tuiscint a fháil ar conas is féidir leo dul i bhfeabhas. Is féidir leis an bhforléargas ar churaclam bunscoile athfhorbartha tógáil ar na dea-chleachtais mheasúnaithe atá sna scoileanna cheana, agus féadfar soiléiriú a dhéanamh leis ar conas is féidir an measúnú a leabú i gcuraclam bunscoile athfhorbartha.

Sna comhairliúcháin a reáchtáil CNCM le scoileanna in 2009 agus 2010, leagadh béim ar a mhéid a mheas múinteoirí agus príomhoidí go raibh an curaclam bunscoile plódaithe agus nárbh fhurasta dul tríd agus leas a bhaint as ina gcuid teagaisc. Mar thoradh ar fhorbairtí curaclaim le déanaí, is iad sin *Aistear* agus an Creat don tSraith Shóisearach, tá cuíchóiriú déanta ar na sonraíochtaí agus tá tosaíochtaí uileghabhálacha soiléire leagtha síos iontu maidir le foghlaim agus forbairt na bpáistí. Leis an athfhorbairt ar an gcuraclam bunscoile, tá deis thábhachtach le tapú chun fáil réidh le roinnt de na 'sraitheanna' atá laistigh de churaclam na bliana 1999, agus a chur in iúl go soiléir cad é a mheasann muid atá tábhachtach agus bunriachtanach do pháistí na linne seo agus iad ag foghlaim san 21ú haois.

An próiseas i dtreo an fhorléargais ar churaclam athfhorbartha

Agus treochlár á ullmhú i gcomhair an phróisis as a n-eascróidh an forléargas ar churaclam athfhorbartha, is fiú breithniú a dhéanamh ar na ceithre réimse idirnasctha de chuid na hoibre a dhéanann CNCM—taighde, obair le scoileanna agus timpeallachtaí luathóige, comhairliúchán agus plé le comhpháirtithe oideachais trí choistí de chuid CNCM. Tugtar breac-chuntas ar gach ceann díobh sin thíos i gcomhthéacs dul chun cinn a dhéanamh leis an obair maidir le forléargas ar an gcuraclam.

Taighde

Tá taighde fairsing, idir náisiúnta agus idirnáisiúnta, ina bhonn taca leis an obair a dhéanann CNCM maidir le curaclaim agus measúnú. Agus an forléargas á fhorbairt mar atá sonraithe thuas, bainfidh CNCM leas as taighde, measúnuithe agus meastóireacht atá ann cheana féin chomh maith le foilseacháin chomhaimseartha. I gcás na bhfoilseachán thuasluaite, déanfaidh an Chomhairle páipéir thaighde ghairide a choimisiúnú chun cíoradh a dhéanamh ar ghnéithe áirithe de churaclam bunscoile, amhail cuspóir, luachanna agus tosaíochtaí, comhtháthú curaclaim, scileanna agus meonta, agus cineálacha cur chuige teagaisc. De réir mar a chríochnófar iad, foilseofar na páipéir sin ar láithreán gréasáin CNCM agus úsáidfear iad mar bhonn i gcomhair plé agus díospóireachta chun treonna a shoiléiriú a thuilleadh do churaclam bunscoile athfhorbartha.

Obair le scoileanna agus le timpeallachtaí luathóige

Is tábhachtach an rud é go rachaidh smaointe, eispéiris agus fianaise ó scoileanna agus timpeallachtaí luath-óige i bhfeidhm ar fhorbairt an fhorléargais. Trína bheith ag obair i gcomhar le scoileanna agus le timpeallachtaí luathóige, bíonn deiseanna ag CNCM foghlaim ón obair nuálach a bhíonn ar bun acu leis an gcuraclam, lena n-áirítear, mar shampla, teagasc agus foghlaim spraíúil, ina bhfuil béim ar ghníomhaíocht, a bheith ina ndlúthchuid de luathbhlianta an bhunoideachais; leas a bhaint as bealaí cruthaitheacha chun am a úsáid ar fud an churaclaim; réimse teicneolaíochtaí digiteacha a chomhtháthú in eispéiris laethúla na bpáistí; cleachtais chuimsitheacha a fhorbairt chun tacú le *gach* páiste; agus cur le raon na n-eispéireas a bhíonn ag na páistí sa seomra ranga. Ar an gcaoi sin, bíonn scoileanna ina n-áiseanna foghlama ríthábhachtacha do CNCM, ó thaobh tarraingt ar a gcuid smaointeoireachta cruthaithí maidir leis an mbunoideachas agus leis an méid is ceart dó a dhéanamh ar mhaithe leis na páistí. Baineann tábhacht leis sin ó thaobh an curaclam a athfhorbairt agus ó thaobh

smaoineamh ar an gcaoi is fearr chun na gnéithe casta den athrú curaclaim a bhainistiú agus a phleanáil, mar a luaigh a lán freagróirí ar fud an chomhairliúcháin ag trácht dóibh don athrú agus don ghá atá le tacú leis ar shlí spriocdhírithe, forásach.

Comhairliúchán

Mar a luadh cheana, cuirfear comhairliúchán fairsing ar bun in 2019 faoin bhforléargas ar churaclam bunscoile athfhorbartha. Tacófar le forbairt an fhorléargais féin freisin trí phlé agus deiseanna leanúnacha chun smaointe faoin gcuraclam athfhorbartha a iniúchadh agus a chíoradh. Chun éascú don mhéid sin, beidh CNCM ag eagrú sraith seimineár ar ghnéithe áirithe den churaclam ar feadh 2018. Beidh páipéir thaighde ghairide mar aon le smaointe, eispéiris agus fianaise ó scoileanna mar a dtagraítear dóibh thuas, ina gcomhthéacs tábhachtach le haghaidh pléití ag na seimineáir. Beidh an plé ó na himeachtaí sin ina n-ionchur díreach i bhforbairt an fhorléargais ar an gcuraclam.

Plé le comhpháirtithe oideachais

Beidh dréachtú an fhorléargais ar churaclam bunscoile athfhorbartha ina chuid shuntasach d'obair CNCM in 2018. Tabharfaidh na comhpháirtithe oideachais tacaíocht don obair tríd an mBord um Oideachas Luath-Óige agus Bunscoile, agus tríd an gComhairle, agus cuirfidh siad chun cinn í i bpáirt le chéile. Cuirfear san áireamh san obair forbairtí curaclaim agus measúnuithe atá déanta cheana féin agus cinn atá pleanáilte, is iad sin an *Curaclam Teanga Bunscoile* nua a bhfuil an chéad chéim de á chur chun feidhme faoi láthair sna blianta sóisearacha sa bhunscoil, agus an *Curaclam Bunscoile Matamaitice* nua atá le foilsiú in 2018 (na ranganna sóisearacha) agus in 2019 (na ranganna sinsearacha). Léireofar san fhorléargas freisin na torthaí ó thionscnamh leanúnach CNCM leis na scoileanna maidir le códú i mbunscoileanna, ina ndéantar iniúchadh ar chineálacha cur chuige difriúla maidir leis an gcódú a chomhtháthú sa churaclam, agus obair leanúnach le scoileanna maidir le cleachtais chuimsitheacha san oideachas idirchultúrtha, creidimh agus eiticiúil.

Le chéile, cuirfidh na ceithre shnáithe idirghaolmhara sin—taighde, obair le scoileanna agus le timpeallachtaí luathóige, comhairliúchán, agus plé—ar ár gcumas díospóireacht láidir agus breithniú eolasach a dhéanamh ar cheisteanna a bhfuil baint lárnach acu le forbairt curaclaim bunscoile. Ba cheart go gcabhródh gníomhaíocht dá leithéid chun an bealach a threorú chuig curaclam nua, agus

beidh an deis againn in 2019 comhairliúchán fairsing a dhéanamh ar an treochlár sin roimh dhul chun cinn le forbairt an churaclaim féin ó dheireadh 2019 ar aghaidh.

Aguisín 1: Na samhlacha incriminteacha atá molta do churaclam nua bunscoile





Aguisín 2: An tsamhail atá molta maidir le leithdháileadh ama sna bunscoileanna